# Brat trom sneachta

## Meánleibhéal 1 (B1)

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi bhrat trom sneachta (*a thick blanket of snow*) i gContae Chiarraí. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.

| Na focail atá agat: | Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim: |
|---|---|
| brat<br>sioc<br>píopaí reoite | *grit and salt*<br>*hemmed in, stranded*<br>*pumps* |

1. Cad é mar atá an aimsir inniu?
2. Ar chuir drochaimsir isteach ar do shaol riamh? Mínigh.
3. An maith leat an sneachta? Cén fáth?
4. Cad iad na fadhbanna a bhíonn i gceantar ina bhfuil brat trom sneachta, dar leat?
5. Féach ar an bpictiúr thíos. Cad a mhothaíonn tú nuair a fhéachann tú air?



## B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.


| | |
|---|---|
| 1. fógartha | *a. the weather created* |
| 2. chruthaigh an aimsir | *b. grit and salt* |
| 3. tachta | *c. hemmed in* |
| 4. corraí | *d. pumps* |
| 5. greanchloch agus salann | *e. (he's) flat out* |
| 6. siúl na gcos | *f. movement* |
| 7. sáinnithe, teanntaithe | *g. the ability to walk* |
| 8. (tá sé) luite amach air féin | *h. relief, liberation* |
| 9. i ngiorracht trí chéad méadar do | *i. announced* |
| 10. fuascailt | *j. electricity power* |
| 11. cumhacht aibhléise | *k. within 300m of* |
| 12. caidéil | *l. clogged up* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | | |

2. Cuir na focail le chéile chun comhfhocail a chruthú. Cad is brí leis na comhfhocail?

| | **Comhfhocail** | **Brí** |
|---|---|---|
| (príomh)(bóithre) | | |
| (cúl)(bóithre) | | |

3. Féach ar an léarscáil de Chontae Chiarraí. Cá bhfuil 'oirthear an chontae'?



4. Cad is brí leis an bhfocal Muimhneach 'cairteacha'? (nod: tá ceithre roth acu) _______________

5. I gcanúint na Mumhan, ciallaíonn 'mórán Éireann daoine' *loads of people*. Conas a déarfá féin é sin?

_______________________________________________________________

# C: TUISCINT

1. Féach ar an mír den chéad uair agus bain úsáid as na focail Ghaeilge faoi B: FOCLÓIR chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo:

- Cuirtear ____________________ ar na bóithre má bhíonn sioc agus sneachta orthu.
- Chuaigh Máiréad amach ar na bóithre de* _________________ mar nach raibh sí ábalta an gluaisteán a bhogadh. (Leanann séimhiú 'de' sa Chaighdeán Oifigiúil.)
- Tá Michael Lenihan _________________ ag iarraidh na bóithre a ghlanadh mar tá a chomharsana _________________.
- _________________ go leor deacrachtaí do dhaoine.
- Tá cuid mhaith de Chiarraí _________________ faoi bhrat sneachta agus níl _________________ ar bith ar na cúlbhóithre.
- Tá daoine fágtha gan _________________ agus tá na _________________ briste.
- Tá Michael _________________ trí chéad méadar _____ Catherine.
- Tá foláireamh aimsire eile, stádas oráiste, _________________ arís.
- Tá Catherine agus a clann ag súil le _________________.

2. Féach ar an mír den dara huair. An bhfuil na ráitis thíos fíor nó bréagach?

| | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| a) Tá stádas oráiste fógartha do thrí chontae dhéag. | | |
| b) Deirtear nár thit an oiread sin sneachta sa cheantar le daichead bliain. | | |
| c) Is féidir le Máiréad siúl ar na bóithre ó leathadh greanchloch agus salann orthu. | | |
| d) Bhí Michael ag obair go crua chun na bóithre a ghlanadh mar ba mhian leis dul go dtí na siopaí. | | |
| e) Tá Catherine ag súil le fuascailt mar tá sí sáinnithe le mí anuas. | | |
| f) Tá na daoine i mBrosnach gan leictreachas go fóill agus níl uisce ag mórán díobh. | | |
| g) Tá tancaeir uisce curtha ar fáil mar tá an t-uisce truaillithe de bharr an tsneachta. | | |

# D: FEASACHT TEANGA

## Cruinneas gramadaí (forainmneacha réamhfhoclacha)

1. Líon na bearnaí sa tábla thíos leis na forainmneacha réamhfhoclacha cuí i ngach pearsa. Tá an chéad cheann déanta duit.

| | do | de | ar | ó | faoi | roimh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **mé** | dom | | | | | |
| **tú** | duit | | | | | |
| **sé** | dó | | | | | |
| **sí** | di | | | | | |
| **muid** | dúinn | | | | | |
| **sibh** | daoibh | | | | | |
| **siad** | dóibh | | | | | |

2. Líon na bearnaí sna habairtí thíos leis an bhforainm réamhfhoclach cuí ón tábla thuas.

a) Tá oíche fhuar _______________ anocht. Caithfimid a bheith san airdeall.

b) A Mháire, cad atá ag teastáil _______________?

c) Seán bocht. Tá slaghdán _______________.

d) Tá mé iontach buíoch _______________ as an obair ar fad atá déanta agaibh.

e) Sin Ciara anois. Ar thug tú an t-airgead _______________?

f) Tá muintir Uí Bhriain ina gcónaí ansin. Tá siad ag cur _______________ ansin leis na céadta bliain.

g) Tabhair aire do na páistí. Tá eagla _______________ roimh mhadraí.

h) Féach ar Cholm! Tá a aghaidh lán fola. Cad a tharla _______________?

i) A chairde! Tá fáilte _______________ anseo anocht.

j) Tabhair suaimhneas do na mná. Ná bí ag cur isteach _______________.

k) An bhfuil sibh ag caint faoi Shiobhán? Cad atá sibh a rá _______________?

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint


Bí ag obair leat féin ar dtús. Smaoinigh ar am nuair a chuir adhaimsir (*extreme weather*) isteach ort: nuair a bhí brat trom sneachta i do cheantar mar a bhí sa mhír, mar shampla, nó nuair a bhí tú ar laethanta saoire agus bhí an aimsir an-te. Déan do mhachnamh ar an scéal anois agus féach ar na ceisteanna thíos chun cuidiú leat. Bain úsáid as cuid de na frásaí úsáideacha sa bhosca freisin chun cuidiú leat.


- ✓ Cá raibh tú?
- ✓ Conas a bhí an aimsir?
- ✓ Cén teocht a bhí i gceist?
- ✓ Conas a chuir an aimsir isteach ar do shaol laethúil?
- ✓ Conas a mhothaigh tú?
- ✓ Ar fhoghlaim tú aon rud ón eachtra?

**Frásaí + forainmneacha réamhfhoclacha**

ag cur as do
ag cur isteach ar
ag teastáil ó
eagla roimh
cosc ar
tinneas ar
buíoch de

Inis don rang ar fad faoin eachtra.





## 2: Scríobh

Scríobh cuntas gearr do na meáin shóisialta faoin eachtra faoinar labhair tú faoi Caint thuas.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

## 3. Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

| **Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat:** |
|---|
| |

# AN SCRIPT

**Siún Nic Gearailt**
Tá oíche fhuar eile romhainn anocht agus tá stádas oráiste seaca fógartha do thrí chontae dhéag. Chruthaigh an aimsir deacrachtaí arís inniu do dhaoine. I gContae Chiarraí, cé go bhfuil na príomhbhóithre glanta, tá bac fós ar bhóithre tuaithe in oirthear an chontae. Tá scata tithe fós gan aon uisce.

**Seán Mac an tSíthigh**
Tá breis agus dhá scór bliain ann ó thit oiread sneachta san áit seo, deir siad. Ó Shliabh Luachra go Lios Tuathail agus ó dheas go Cill Gharbháin, tá cuid mhaith de Chiarraí tachta faoi bhrat trom sneachta. Tá salann leata ar na príomhbhóithre ag an gcomhairle contae ach is beag corraí a dhéantar ar na cúlbhóithre.

**Máiréad Ní Chatháin Uí Chonchúir, Cill Flainn**
Tá siad fós lán de shioc. An ceann anseo, mar a chíonn tú, is bóthar treasach é agus ní bhfuaireamar aon leasú in aon chor le greanchloch agus salann. Ach, é sin ráite, is féidir linn dul amach ar shiúl na gcos ach ní féidir linn na cairteacha ná aon rud a bhogadh. Táimid sáinnithe go maith anseo.

**Seán Mac an tSíthigh**
I gCnoc na gCaiseal tá Michael Lenihan luite amach air féin. Fad bóthair trí chiliméadar glanta aige do chúigear comharsan. Trí thigh fágtha.

**Michael Lenihan, Cnoc na gCaiseal**
*I've neighbours down here and I'm trying to get them out, because if we start taking it out at all … it's not going to come out at all. There's no sun or rain that'll thaw that. It'll take weeks.*

**Seán Mac an tSíthigh**
Tá Michael i ngiorracht trí chéad méadar anois do Catherine agus Gerry Lenihan i Moing Bháite, iad teanntaithe ó oíche Dé Sathairn agus ag súil le fuascailt.

**Catherine Lenihan, Moing Bháite**
*We've been lucky we've had no power cut. We had about an hour of it, I think, on Monday.*

**Seán Mac an tSíthigh**
*What are you doing for grub and things?*

**Catherine Lenihan, Moing Bháite**
*We have enough in the freezer. My husband suggested … that we start rationing but then we haven't had to do that yet.*

**Seán Mac an tSíthigh**
Cé go bhfuil a bhformhór ceangailte arís, tá pobal áirithe anseo in oirthear an chontae, go mór mór timpeall an cheantair, Brosnach, atá fós gan cumhacht aibhléise agus tá mórán Éireann daoine sa cheantar seo nach bhfuil aon uisce acu, toisc go bhfuil píopaí reoite agus go raibh caidéil nach raibh ag obair. Chun freastal ar an éileamh sin tá tancaeirí uisce á gcur ar fáil ag Uisce Éireann.

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí 'machnamh' a dhéanamh ar an méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht. Beidh deis acu machnamh a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha acu ag deireadh an ranga.

Tabhair deis dóibh na ceisteanna a phlé le chéile.

## B: FOCLÓIR

1. Freagraí:


| | |
|---|---|
| fógartha | *announced* |
| chruthaigh an aimsir | *the weather created* |
| tachta | *clogged up* |
| corraí | *movement* |
| greanchloch agus salann | *grit and salt* |
| siúl na gcos | *the ability to walk* |
| sáinnithe, teanntaithe | *hemmed in* |
| (tá sé) luite amach air féin | *(he's) flat out* |
| i ngiorracht trí chéad méadar do | *within 300m of* |
| fuascailt | *relief, liberation* |
| cumhacht aibhléise | *electricity power* |
| caidéil | *pumps* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| i | a | l | f | b | g | c | e | k | h | j | d |

6. Freagraí:

| | **Comhfhocail** | **Brí** |
|---|---|---|
| (príomh)(bóithre) | príomhbhóithre | *main roads* |
| (cúl)(bóithre) | cúlbhóithre | *back roads* |

7. Freagraí:



8. Cairteacha – *cars*
9. A lán daoine, scata mór daoine, go leor daoine, slua daoine, lear mór daoine.

## C: TUISCINT

1. Freagraí:
   - Cuirtear **greanchloch agus salann** ar na bóithre má bhíonn sioc agus sneachta orthu.
   - Chuaigh Máiréad amach ar na bóithre de **shiúl na gcos** mar nach raibh sí ábalta an gluaisteán a bhogadh.
   - Tá Michael Lenihan **luite amach air féin** ag iarraidh na bóithre a ghlanadh mar tá a chomharsana **sáinnithe/teanntaithe**.
   - **Chruthaigh an aimsir** go leor deacrachtaí do dhaoine.
   - Tá cuid mhaith de Chiarraí **tachta** faoi bhrat sneachta agus níl **corraí** ar bith ar na cúlbhóithre.
   - Tá daoine fágtha gan **cumhacht aibhléise** agus tá na **caidéil** briste.
   - Tá Michael **i ngiorracht** trí chéad méadar **do** Catherine.
   - Tá foláireamh aimsire eile, stádas oráiste, **fógartha** arís.
   - Tá Catherine agus a clann ag súil le **fuascailt**.

2. Freagraí:

a) Fíor.
b) Fíor.
c) Bréagach. Níor leathadh aon ghreanchloch ná salann ar na bóithre.
d) Bréagach. Chun go mbeadh na comharsana in ann bogadh amach as a dtithe.
e) Bréagach. Tá sí sáinnithe ó oíche Dé Sathairn.
f) Fíor.
g) Bréagach. Níl uisce ag an bpobal mar tá na píopaí reoite agus na caidéil briste.

## D: FEASACHT TEANGA

### Cruinneas gramadaí (an aimsir chaite)

1. Freagraí:

| | **do** | **de** | **ar** | **ó** | **faoi** | **roimh** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **mé** | dom | díom | orm | uaim | fúm | romham |
| **tú** | duit | díot | ort | uait | fút | romhat |
| **sé** | dó | de | air | uaidh | faoi | roimhe |
| **sí** | di | di | uirthi | uaithi | fúithi | roimpi |
| **muid** | dúinn | dínn | orainn | uainn | fúinn | romhainn |
| **sibh** | daoibh | díbh | oraibh | uaibh | fúibh | romhaibh |
| **siad** | dóibh | díobh | orthu | uathu | fúthu | rompu |

2. Freagraí:

   a) Tá oíche fhuar **romhainn** anocht. Caithfimid a bheith san airdeall.
   b) A Mháire, cad atá ag teastáil **uait**?

c) Seán bocht. Tá slaghdán **air**.
d) Tá mé iontach buíoch **díbh** as an obair ar fad atá déanta agaibh.
e) Sin Ciara anois. Ar thug tú an t-airgead **di**?
f) Tá muintir Uí Bhriain ina gcónaí ansin. Tá siad ag cur **fúthu** ansin leis na céadta bliain.
g) Tabhair aire do na páistí. Tá eagla **orthu** roimh mhadraí.
h) Féach ar Cholm! Tá a aghaidh lán fola. Cad a tharla **dó**?
i) A chairde! Tá fáilte **romhaibh** anseo anocht.
j) Tabhair suaimhneas do na mná. Ná bí ag cur isteach **orthu**.
k) An bhfuil sibh ag caint faoi Shiobhán? Cad atá sibh a rá **fúithi**?

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

Tabhair deis dóibh machnamh a dhéanamh ar an eachtra sula ndéanfaidh gach foghlaimeoir cur síos ar an eachtra os comhair an ranga.

### 2: Scríobh

Abair leo cúpla líne a scríobh do na meáin shóisialta faoin eachtra.

### 3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.

Ollscoil Mhá Nuad Ollscoil na hÉireann Má Nuad | Lárionad na Gaeilge Taighde, Teagasc & Tástáil | Foghlaim TG4 | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta